Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Aibreán 2026**
**(OR. en)**

**8441/26**

**AGRILEG 94**
**PESTICIDE 21**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coimisiún Eorpach |
| dáta a fuarthas: | 21 Aibreán 2026 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | D105274/04 |
| Ábhar: | RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an XXX lena leasaítear Iarscríbhinní II, III agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh beinimile, cairbeandaisime agus tiafanáit-meitile i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D105274/04.

---

Faoi iamh: D105274/04

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
PLAN/2024/2763
(POOL/E4/2024/2763/2763-EN.docx)
D105274/04
[…](2026) XXX draft v6

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Iarscríbhinní II, III agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh beinimile, cairbeandaisime agus tiafanáit-meitile i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Iarscríbhinní II, III agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh beinimile, cairbeandaisime agus tiafanáit-meitile i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 14(1), pointe (a), Airteagal 18(1), pointe (b), agus Airteagal 49(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcás na substaintí gníomhacha cairbeandaisim agus tiafanáit-meitil, socraíodh uasleibhéil iarmhar ('MRLanna') in Iarscríbhinn II agus i gCuid B d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(2) An 30 Samhain 2014 chuaigh formheas na substainte gníomhaí cairbeandaisim in éag agus níor cuireadh aon iarratas ar a hathnuachan isteach.

(3) Ní dhearnadh formheas na substainte gníomhaí tiafanáit-meitil a athnuachan le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1498 ón gCoimisiún[2]. Bhí iarratas ar a formheas a athnuachan curtha isteach i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún[3] laistigh den tréimhse ama a socraíodh, agus bhí measúnú déanta air i gcomhréir leis an nós imeachta a bhfuil tuairisc tugtha air i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4]. Chinn an t-iarratasóir an t-iarratas a tharraingt siar, áfach. Mar sin féin, ar

[1] IO L 70, 16.3.2005, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2005/396/oj.

[2] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1498 ón gCoimisiún an 15 Deireadh Fómhair 2020 maidir le neamh-athnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí tiafanáit-meitil, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún(IO L 342, 16.10.2020, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/1498/oj).

[3] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún an 18 Meán Fómhair 2012 lena leagtar amach na forálacha is gá chun an nós imeachta athnuachana um shubstaintí gníomhacha a chur chun feidhme, dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 252, 19.9.2012, lch. 26, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2012/844/oj).

[4] Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE

bhonn an mheasúnaithe ar an iarratas sin, d'fhoilsigh an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') an chonclúid uaidh maidir leis an athbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí ar an tsubstaint ghníomhach tiafanáit-meitil[5], inar sainaithníodh roinnt réimsí imní agus bearnaí sonraí. Go háirithe, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid, i bhfianaise poitéinseal clastaigineach tiafanáit-meitile, nárbh fhéidir luachanna tagartha tocsaineolaíocha a dhíorthú maidir le measúnú riosca do thomhaltóirí agus oibreoirí. Ar bhonn an tsainchomhaid atá ar fáil maidir le tiafanáit-meitil, chuir an tÚdarás in iúl go bhféadfadh poitéinseal clastaigineach a bheith ag cairbeandaisim freisin.

(4) Sa tuairim réasúnaithe uaidh roimhe seo maidir leis an athbhreithniú ar na MRLanna uile atá ann cheana le haghaidh cairbeandaisime agus tiafanáit-meitile i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005[6], thug an tÚdarás dá aire go bhfuil modh gníomhaíochta coiteann ag an dá shubstaint agus go bhfuil patrúin mheitibileacha chomhchosúla acu. I bhfianaise na n-ábhar imní a tarraingíodh anuas i gconclúidí an athbhreithnithe piaraí maidir le poitéinseal clastaigineach cairbeandaisime agus tiafanáit-meitile, d'iarr an Coimisiún ar an Údarás tuairim réasúnaithe a sholáthar faoi Airteagal 43 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, ina ndéanfaí measúnú ar airíonna tocsaineolaíocha cairbeandaisime agus tiafanáit-meitile. Sa tuairim réasúnaithe uaidh,[7] tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go bhfuil fianaise ann go bhfuil cairbeandaisim agus tiafanáit-meitil aineoigineach agus mhol sé luachanna tagartha tocsaineolaíocha le haghaidh an dá shubstaint. Dheimhnigh an tÚdarás na luachanna tagartha tocsaineolaíocha in dhá thuairim réasúnaithe ina dhiaidh sin[8,9] agus chuir sé airíonna tocsaineolaíocha na substaintí san áireamh.

(5) Aicmítear cairbeandaisim i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10] mar shubstaint shó-ghineach, catagóir 1B agus tocsaineach don atáirgeadh, catagóir 1B[11], agus tháinig an tÚdarás ar an gconclúid

agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 309, 24.11.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1107/oj).

5 An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; Conclúid maidir leis an athbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí ar an tsubstaint ghníomhach tiafanáit-meitil. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2018;16(1):5133.

6 An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; Tuairim réasúnaithe maidir leis an athbhreithniú ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh tiafanáit-meitile agus cairbeandaisime de réir Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2014;12(12):3919.

7 An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; Tuairim réasúnaithe maidir leis na hairíonna tocsaineolaíocha agus na huasleibhéil iarmhar (MRLanna) le haghaidh na substaintí beinsimíodasóil cairbeandaisim agus tiafanáit-meitil. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2021;19(8):6773.

8 An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; Ráiteas maidir le measúnú ar cháilíocht na sonraí atá ar fáil do EFSA chun na treoirluachanna sláintebhunaithe le haghaidh cairbeandaisime a dhíorthú. *EFSA Journal* [Iris EFSA]. 2024;22:e8756.

9 An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; Tuairim réasúnaithe cothrom le dáta maidir leis na hairíonna tocsaineolaíocha agus na huasleibhéil iarmhar (MRLanna) le haghaidh na substaintí beinsimíodasóil cairbeandaisim agus tiafanáit-meitil. *EFSA Journal* [Iris EFSA]. 2024;22:e8569.

10 Rialachán (CE) uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lgh. 1–1355, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1272/2023-12-01).

11 https://chem.echa.europa.eu/100.031.108/harmonised/369298.

go gcomhlíonann tiafanáit-meitil na critéir suaite inchrínigh maidir le módúlacht na faireoga tíoróidigh[12].

(6) In 2021[13] chuir an tAontas ábhair imní maidir leis an tsláinte phoiblí a mhéid a bhaineann leis na substaintí gníomhacha cairbeandaisim agus tiafanáit-meitil faoi bhráid an Choiste Codex um Iarmhair Lotnaidicídí. Dá bhrí sin, bhí cairbeandaisim le cur faoi athbhreithniú tréimhsiúil ag cruinniú comhpháirteach FAO/EDS maidir le hiarmhair lotnaidicídí (JMPR) in 2023. An 14 Samhain 2025[14] chúlghair an Coimisiún Codex Alimentarius gach uasteorainn iarmhar Codex ('CXLanna') le haghaidh na suime de chairbeandaisim, beinimil agus tiafanáit-meitil (arna sloinneadh mar chairbeandaisim), toisc nár cuireadh sonraí leordhóthanacha isteach chun go bhféadfaí athmheastóireacht a dhéanamh ar airíonna tocsaineolaíocha cairbeandaisime, lena n-áirítear na luachanna tagartha tocsaineolaíocha a suíodh in 1995 agus 2005. Dá bhrí sin, ní ann do CXLanna le haghaidh cairbeandaisime ná beinimil a thuilleadh. I gcás tiafanáit-meitile ar leithligh, níl ach CXL amháin ann, le haghaidh almóinní, ach chuir an tAontas in iúl forchoimeádas bunaithe ar neamhoiriúnacht an tsainmhínithe ar iarmhar tiafanáit-meitile in almóinní san Aontas leis an sainmhíniú ar iarmhar a leag JMPR síos, agus chuir sé in iúl freisin nár cuireadh an CXL sin chun feidhme riamh san Aontas[15].

(7) Níl cairbeandaisim ná tiafanáit-meitil formheasta a thuilleadh lena n-úsáid san Aontas, agus tá gach údarú le haghaidh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil cairbeandaisim nó tiafanáit-meitil cúlghairthe. Tá MRLanna atá bunaithe ar lamháltais allmhairiúcháin i bhfeidhm faoi láthair le haghaidh an dá shubstaint sin i dtorthaí citris, i mangónna, i bpapánna, agus in ocra. Bhí measúnú déanta ag an Údarás ar na lamháltais allmhairiúcháin sin cheana féin faoi chuimsiú an athbhreithnithe ar na MRLanna uile le haghaidh cairbeandaisime agus tiafanáit-meitile i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005[16].

(8) Mar sin féin, níl na Dea-Chleachtais Talmhaíochta a thacaíonn leis na lamháltais allmhairiúcháin sin le haghaidh cairbeandaisime agus tiafanáit-meitile ar thorthaí citris

---

12 An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; Conclúid maidir leis an athbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí ar an tsubstaint ghníomhach tiafanáit-meitil. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2018;16(1):5133.

13 Foirm imní arna cur isteach ag an Aontas Eorpach i mí an Mhárta 2021 maidir le Beinimil (69), Cairbeandaisim (72) agus Tiafanáit-meitil (77). AN COISTE CODEX UM IARMHAIR LOTNAIDICÍDÍ. 52ú Seisiún. Mír 6 ar an gclár oibre. CX/PR 21/52/5-Add.1. 18-19. https://www.fao.org/fao-who-codexalimentarius/sh-proxy/en/?lnk=1&url=https%253A%252F%252Fworkspace.fao.org%252Fsites%252Fcodex%252FMeetings%252FCX-718-52%252FWDs-2021%252Fpr52_05_Add1e.pdf.

14 Clár comhpháirteach FAO/EDS um Chaighdeáin Bhia, an Coimisiún Codex Alimentarius. 48ú Seisiún, Ceanncheathrú FAO, an Róimh, an Iodáil, an 10-14 Samhain 2025. https://www.fao.org/fao-who-codexalimentarius/sh-proxy/en/?lnk=1&url=https%253A%252F%252Fworkspace.fao.org%252Fsites%252Fcodex%252FMeetings%252FCX-701-48%252FFINAL%252520REPORT%252FREP25_CACe.pdf.

15 Tuarascáil ón 55ú seisiún den Choiste Codex um Iarmhair Lotnaidicídí, Chengdu, Cúige Sichuan, Daon-Phoblacht na Síne, an 3-8 Meitheamh 2024. https://www.fao.org/fao-who-codexalimentarius/sh-proxy/jp/?lnk=1&url=https%253A%252F%252Fworkspace.fao.org%252Fsites%252Fcodex%252FMeetings%252FCX-718-55%252FREPORT%252FFINAL%252FREP24_PR55e.pdf.

16 An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; Tuairim réasúnaithe maidir leis an athbhreithniú ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh tiafanáit-meitile agus cairbeandaisime de réir Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2014;12(12):3919.

údaraithe a thuilleadh[17]. Faoi Airteagal 14(2), pointe (e), de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, féadfar MRL a shocrú ar bhonn dea-chleachtais talmhaíochta a chuirtear chun feidhme i dtríú tír le haghaidh úsáid dhlíthiúil substainte gníomhaí sa tír sin. Ós rud é nach n-údaraítear a thuilleadh na dea-chleachtais talmhaíochta a cuireadh isteach roimhe seo chun na MRLanna sin a bhí bunaithe ar lamháltais allmhairiúcháin a shocrú, níl aon bhunús leis na MRLanna atá bunaithe ar lamháltais allmhairiúcháin a choinneáil ar bun maidir le torthaí citris. Dá bhrí sin, ba cheart na MRLanna le haghaidh cairbeandaisime agus tiafanáit-meitile i dtorthaí citris a ísliú go dtí an teorainn chinnidh.

(9) Ina theannta sin, sa mheasúnú riosca ó 2024[18], rinne an tÚdarás measúnú riosca comhcheangailte maidir le hiarmhair chairbeandaisime agus thiafanáit-meitile ós rud é go bhfuil patrúin mheitibileacha chomhchosúla ag na substaintí sin, go bhfuil an modh gníomhaíochta céanna acu agus go bhféadfaí iad a úsáid ar an mbarr céanna. Sa mheasúnú riosca comhcheangailte sin, shainaithin an tÚdarás rioscaí do-ghlactha maidir leis na MRLanna atá ann faoi láthair le haghaidh cairbeandaisime i seadóga, oráistí, mangónna agus papánna, agus le haghaidh tiafanáit-meitile i seadóga, oráistí, mandairíní, mangónna agus papánna. Ós rud é nach féidir a chur as an áireamh go bhféadfaí an dá shubstaint a úsáid ar an mbarr céanna, ba cheart na MRLanna atá bunaithe ar lamháltais allmhairiúcháin le haghaidh cairbeandaisime i seadóga, oráistí, mangónna agus papánna, agus le haghaidh tiafanáit-meitile i seadóga, oráistí, mandairíní, mangónna agus papánna a ísliú go dtí an teorainn chinnidh dá bhrí sin.

(10) Maidir le hocra, ní fhéadfadh an tÚdarás measúnú nochta comhcheangailte a dhéanamh toisc nár cuireadh ach dea-chleachtas talmhaíochta le haghaidh tiafanáite-meitile faoi bhráid an Aontais[19]. I ndáil leis sin, tá éiginnteacht fós ann maidir le cé acu a fhéadfar nó nach bhféadfar an dá shubstaint a chur ar an mbarr céanna sa chleachtas, nó cé acu a d'fhéadfaidís nó nach bhféadfaidís a bheith ann le chéile i dtáirge cosanta plandaí a úsáidtear i dtríú tír. I roinnt tríú tíortha cláraítear dea-chleachtais talmhaíochta le haghaidh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil cairbeandaisim agus táirgí cosanta plandaí ina bhfuil tiafanáit-meitil a úsáidtear ar ocra, chomh maith le dea-chleachtais talmhaíochta le haghaidh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil meascán den dá rud[20]. Ní féidir a bheith cinnte faoin gcaoi a n-úsáidtear na táirgí cosanta plandaí sin sa chleachtas i dtríú tíortha. Dá bhrí sin, chun ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí a áirithiú, measann an Coimisiún gurb iomchuí na MRLanna le haghaidh an dá shubstaint ar ocra a ísliú go dtí an teorainn chinnidh freisin.

(11) I bhfianaise an mhéid thuas, ba cheart na MRLanna uile le haghaidh cairbeandaisime agus tiafanáit-meitile a ísliú go dtí na teorannacha cinnidh táirgeshonracha ábhartha agus a liostú in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(12) Ina theannta sin, sna tuairimí réasúnaithe uaidh, mhol an tÚdarás na sainmhínithe ar iarmhair a mhodhnú le haghaidh cairbeandaisime, lena n-áirítear beinimil faoi láthair, agus MRLanna ar leith a shocrú le haghaidh an dá shubstaint. Mhol sé freisin na

---

17 *South Africa Government Gazette* Uimh. 49189, 25 Lúnasa 2023. *Fertilizer, farm feeds, agricultural remedies and stock remedies act (Act No. 36 of 1947), Regulations relating to Agricultural remedy* https://www.gov.za/sites/default/files/gcis_document/202308/49189gon3812.pdf https://www.agri-intel.com/.

18 An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; Tuairim réasúnaithe cothrom le dáta maidir leis na hairíonna tocsaineolaíocha agus na huasleibhéil iarmhar (MRLanna) le haghaidh na substaintí beinsimíodasóil cairbeandaisim agus tiafanáit-meitil. *EFSA Journal* [Iris EFSA]. 2024;22:e8569.

19 An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; Tuairim réasúnaithe maidir leis an athbhreithniú ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh tiafanáit-meitile agus cairbeandaisime de réir Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2014;12(12):3919.

20 https://homologa.com/.

sainmhínithe ar iarmhair a athrú chun críoch forfheidhmithe le haghaidh cairbeandaisime i ngach táirge de bhunadh ainmhíoch ó 'cairbeandaisim agus tiafanáit-meitil, arna sloinneadh mar chairbeandaisim' go 'suim de chairbeandaisim agus 5-hiodrocsa-cairbeandaisim, arna sloinneadh mar chairbeandaisim', agus le haghaidh tiafanáit-meitile i ngach táirge de bhunadh ainmhíoch ó 'cairbeandaisim agus tiafanáit-meitil, arna sloinneadh mar chairbeandaisim' go 'tiafanáit-meitil'. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gurb iomchuí na sainmhínithe nua sin ar iarmhair a shuí.

(13) Níl beinimil formheasta mar shubstaint ghníomhach i dtáirgí cosanta plandaí faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus ní dhearnadh measúnú uirthi riamh san Aontas. Aicmítear í mar shubstaint shó-ghineach agus tocsaineach don atáirgeadh, catagóir B, faoi Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008[21].

(14) Níl aon luach tagartha tocsaineolaíoch de chuid an Aontais ar fáil le haghaidh beinimile agus níorbh fhéidir measúnú a dhéanamh ar shábháilteacht na MRLanna le haghaidh na substainte sin. Ós rud é nach bhfuil úsáidí beinimile údaraithe san Aontas, agus ós rud é nach bhfuil aon lamháltas allmhairiúcháin ná CXL ann le haghaidh na substainte sin, ba cheart luachanna réamhshocraithe MRL a liostú in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, dá bhforáiltear in Airteagal 18(1), pointe (b), den Rialachán sin.

(15) Chuathas i gcomhairle le comhpháirtithe trádála an Aontais maidir leis na MRLanna nua tríd an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, agus cuireadh a mbarúlacha san áireamh.

(16) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú dá réir sin.

(17) Maidir leis na substaintí gníomhacha uile a chumhdaítear leis an Rialachán seo, chun go mbeifear in ann margú, próiseáil agus tomhaltas táirgí a dhéanamh ar an ngnáthshlí, ba cheart foráil a dhéanamh sa Rialachán seo maidir le socrú idirthréimhseach i gcás táirgí atá curtha ar mhargadh an Aontais sula modhnaítear na MRLanna agus ar ina leith a léiríonn an fhaisnéis go gcoinnítear leibhéal ard cosanta don tomhaltóir. Ar bhonn na tuairime ón Údarás[22], tá feidhm aige sin maidir le gach táirge, seachas i gcás cairbeandaisime i seadóga, oráistí, papánna agus mangónna, agus i gcás tiafanáit-meitile i seadóga, oráistí, mandairíní, papánna agus mangónna.

(18) Ba cheart tréimhse réasúnta a bheith ann sula mbeidh feidhm ag na MRLanna modhnaithe ionas go mbeidh na Ballstáit, tríú tíortha agus oibreoirí gnólachtaí bia in ann iad féin a ullmhú chun na ceanglais nua a thiocfaidh as na leasuithe a chomhlíonadh.

(19) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinní II, III agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

[21] https://chem.echa.europa.eu/100.037.962/harmonised/293138.

[22] An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia. Tuairim réasúnaithe cothrom le dáta maidir leis na hairíonna tocsaineolaíocha agus na huasleibhéil iarmhar (MRLanna) le haghaidh na substaintí beinsimíodasóil cairbeandaisim agus tiafanáit-meitil. *EFSA Journal* [Iris EFSA]. 2024;22:e8569.

*Airteagal 2*

Beidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcónaí mar a bhí sular leasaíodh é leis an Rialachán seo maidir le táirgí a cuireadh ar an margadh san Aontas roimh an … [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 6 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*], seachas i gcás cairbeandaisime i seadóga, oráistí, papánna agus mangónna, agus i gcás tiafanáit-meitile i seadóga, oráistí, mandairíní, papánna agus mangónna.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón … [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 6 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*